Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

# Lámhleabhar an Chiste Séadchomharthaí Pobail

## CSP2023

Ullmhaithe ag an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta
**gov.ie/housing**

# Clár Ábhair


1. CISTE SÉADCHOMHARTHAÍ POBAIL ..... 3
2. CÉ ATÁ IN ANN IARRATAS A DHÉANAMH? ..... 4
3. MAOINIÚ ATÁ AR FÁIL – CAD A MHAOINEOFAR ..... 5
4. CRITÉIR ROGHNÚCHÁIN ..... 7
5. GAIRMITHE CAOMHNAITHE I DTIONSCADAIL CSP ..... 8
6. CONAS IARRATAS A DHÉANAMH ..... 10
7. IARRATAIS A CHUR ISTEACH ..... 14
8. FORCHÚITEAMH MAOINITHE ..... 16
9. TUAIRISCIÚ TIONSCADAIL ..... 17
10. COINNÍOLLACHA CÁILITHEACHA ..... 18
11. NÓTA TREORACH AR PHLEANANNA BAINISTÍOCHTA CAOMHNAITHE ..... 25
12. NÓTA TREORACH AR RÁITIS MODHA ..... 28
13. NÓTA TREORACH AR MHEASÚNÚ SEANDÁLAÍOCHTA, AR THAIFEADADH AGUS AR MHAOIRSEACHT I DTIONSCADAIL CHAOMHNAITHE ..... 27
14. TÉARMAÍ AGUS COINNÍOLLACHA ..... 33


## Aguisíní

A. **Foirm Iarratais CSP/A** le comhlánú ag an Iarratasóir [Seicliosta agus Achoimre san áireamh le comhlánú ag an Údarás Áitiúil (nó eagraíocht státmhaoinithe)

B. **Foirm Mheasúnaithe CSP/B** le comhlánú ag an Údarás Áitiúil nuair nach bhfuil an láithreán/séadchomhartha faoi úinéireacht an Údaráis Áitiúil.

C. **Foirm Éilimh ar Fhorchúiteamh CSP/C** le comhlánú ag an Údarás Áitiúil nó eagraíocht státmhaoinithe

D. **Foirm Coinbhleachta Leasa** le comhlánú ag an Údarás Áitiúil

# 1. Ciste Séadchomharthaí Pobail

Bunaíodh an Ciste Séadchomharthaí Pobail in 2020 chun infheistíocht a sholáthar in oidhreacht seandálaíochta na hÉireann.

**Tugtar tús áite don mhaoiniú seo d'Údaráis Áitiúla, d'úinéirí agus do chaomhnóirí príobháideacha agus do ghrúpaí pobail le haghaidh cúram, caomhnú, cothabháil, cosaint agus cur chun cinn séadchomharthaí seandálaíochta.**

Is é an maoiniú iomlán a bheidh ar fáil go náisiúnta do thionscadail faoin **gCiste Séadchomharthaí Pobail 2023** ná **€6,000,000.**

Tá caipiteal riachtanach á infheistiú ag an **gCiste Séadchomharthaí Pobail** inár n-oidhreacht seandálaíochta chun cabhrú le húinéirí agus caomhnóirí séadchomharthaí seandálaíochta iad a chosaint amach anseo ar mhaithe le pobail agus leis an bpobal i gcoitinne**.**

Tá tionchair an athraithe aeráide ar ár séadchomharthaí ag éirí níos soiléire. Le méadú ar an síonchaitheamh agus ar imeachtaí tromchúiseacha aeráide, tá an timthriall deisiúcháin ar an oidhreacht thógtha ag éirí níos giorra. Tá cothabháil agus deisiú méadaithe ríthábhachtach chun seasmhacht a thógáil i séadchomharthaí chun cur ar a gcumas tionchair timpeallachta atá ag athrú a sheasamh.

Is iad príomhaidhmeanna an Chiste ná **caomhnú, cothabháil, cosaint agus cur i láthair séadchomharthaí seandálaíochta.** Déanfaidh sé:

- **cumasú ar** oibreacha caomhantais a dhéanamh ar shéadchomharthaí a mheastar a bheith suntasach agus a dteastaíonn tacaíocht phráinneach uathu;
- **seasmhacht a thógáil** inár séadchomharthaí le cur ar a gcumas tionchair an athraithe aeráide a sheasamh;
- rochtain ar shéadchomharthaí **a spreagadh** agus a gcur i láthair a fheabhsú.

### Traenáil Scileanna Traidisiúnta

Molann an Roinn gné oiliúna scileanna traidisiúnta a bheith mar chuid de na tionscadail. Déantar é seo chun cabhrú le scileanna traidisiúnta tógála agus ceardaíochta, a bhfuil leas acu i gcaomhnú séadchomharthaí seandálaíochta, a chaomhnú agus chun cumas a thógáil san earnáil. D'fhéadfadh go molfar oiliúint nuair a bhíonn bearna sna scileanna traidisiúnta atá ar fáil. D'fhéadfadh go n-áireofaí leis seo, mar shampla, traenáil agus breisoiliúint i saoirseacht thraidisiúnta agus úsáid moirtéal aoil, ballaí cloiche tirime, díonta, cur tuí, siúinéireacht agus obair iarainn, srl. Beidh sé soiléir san iarratas cé a gheobhaidh an oiliúint agus cé a sholáthróidh an oiliúint. Ba chóir go léirítear go bhfuil creidiúnú cuí ag soláthraithe oiliúna.

## 2. Cé Atá In Ann Iarratas A Dhéanamh?

Cuireann an Ciste Séadchomharthaí Pobail maoiniú ar fáil do thionscadail a bhaineann le:

(i) **Séadchomharthaí Seandálaíochta** atá ar áireamh i dTaifead na Séadchomharthaí agus Áiteanna (TSA) faoi Acht na Séadchomharthaí Náisiúnta 1930 (arna leasú);

(ii) **Séadchomharthaí Seandálaíochta** atá aitheanta sa Taifead Láithreán agus Séadchomharthaí
a thiomsaigh Seirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta.

Gheofaí tionscadail incháilithe as na catagóirí seo a leanas:

a) tionscadail atá molta ag Údarás Áitiúil a bhaineann le **séadchomharthaí seandálaíochta atá faoi úinéireacht phoiblí**, i gcás ina bhfuil béim shoiléir oidhreachta agus leas pobail nó poiblí léirithe;

b) tionscadail atá molta ag Údarás Áitiúil de bharr iarratas ó **iarratasóirí príobháideacha atá ina n-úinéirí nó ina gcaomhnóirí séadchomharthaí seandálaíochta iomchuí** i gcás ina bhfuil leas poiblí follasach ann;

c) tionscadail a bhfuil béim oidhreachta sainithe go soiléir acu agus a bhfuil leas pobail nó poiblí acu, atá molta go díreach don Roinn ag **eagraíocht státmhaoinithe** atá ag obair in earnáil na hoidhreachta.

## 3. Maoiniú atá ar fáil – Cad a mhaoineofar

| Sruth | Maoiniú atá ar fáil | Cad a mhaoineofar | Deontas Uasta |
|---|---|---|---|
| **1** | Deontais suas le **€100,000** le haghaidh deisiúcháin riachtanacha agus oibreacha caipitil chun séadchomharthaí seandálaíochta a chaomhnú. | Deisiúcháin riachtanacha agus oibreacha caipitil chun séadchomharthaí seandálaíochta a chaomhnú | 100% de na costais incháilit he |
| **2** | Deontais suas le **€30,000** chun Pleananna/Tuairiscí Bainistíochta Caomhnaithe agus Mionsonraíocht Oibreacha a Fhorbairt atá dírithe ar bhearta a aithint chun séadchomharthaí seandálaíochta a chaomhnú agus ar rochtain phoiblí a fheabhsú. | Pleananna/Tuairiscí Bainistíochta Caomhantais agus Mionsonraíocht Oibreacha atá dírithe ar bhearta a aithint chun séadchomharthaí seandálaíochta a chaomhnú agus ar rochtain phoiblí a fheabhsú | 100% de na costais incháilithe |
| **3** | Deontais suas le **€30,000** chun bonneagar rochtana agus léirmhíniú a fheabhsú (fíorúil/ar líne san áireamh) ag séadchomharthaí seandálaíochta | Feabhsú bonneagair rochtana agus léirmhínithe ag séadchomharthaí seandálaíochta | 100% de na costais incháilithe |

i. Deimhneoidh iarratasóirí an fhoinse d’aon mhaoiniú tionscadail breise atá riachtanach. Tabharfar tionscadail chun críche agus íocfar astu sula n-iarrtar forchúiteamh ón Roinn
ii. Cuirfear tionscadail i gcrích i gcomhréir le ceanglais imréitigh chánach na gCoimisinéirí Ioncaim agus nósanna imeachta ceadaithe ábhartha faoi Achtanna na Séadchomharthaí Náisiúnta
iii. Cuirfear tionscadail i gcrích de réir na bhforálacha reachtúla ábhartha go léir (m.sh. Achtanna na Séadchomharthaí Náisiúnta 1930 go 2014, Achtanna um Pleanáil agus Forbairt agus reachtaíocht um chaomhnú an dúlra) agus gheofar cead an úinéara chun na hoibreacha a dhéanamh
iv. Cloífidh tionscadail leis an modheolaíocht agus leis an gcleachtas caomhnaithe is fearr

Le haghaidh tuilleadh eolais, féach ar ‘Coinníollacha Cáilitheacha’ thíos.

**Ní bheidh** na nithe seo a leanas incháilithe do mhaoiniú:

i. Tionscadail nó gnéithe de thionscadail i gcás ina bhfuil tús curtha le hoibreacha cheana féin roimh dhámhachtain deontais
ii. Tógáil nua nó síntí
iii. Oibreacha nach bhfuil i gcomhréir le modheolaíocht agus cleachtas fónta caomhnaithe agus seandálaíochta
iv. Ceannach tailte nó foirgneamh
v. Oibreacha a bhaineann le caomhnú, cothabháil, léirmhíniú agus rochtain ar Shéadchomharthaí Náisiúnta atá faoi úinéireacht nó faoi chaomhnóireacht an Aire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta, agus atá á mbainistiú ag Oifig na nOibreacha Poiblí (mura bhfuil comhaontuithe roimh ré i bhfeidhm)

## 4. Critéir Roghnúcháin

Déanfar iarratais incháilithe do **Shruthanna 1 go 3** a mheas lena roghnú faoi na ceithre chritéar seo a leanas:

| | |
|---|---|
| 1 | **Tábhacht** an tséadchomhartha seandálaíochta |
| 2 | **Éifeachtúlacht** an deontais chun aidhmeanna an Chiste a bhaint amach, mar shampla, conas a chuirfeadh an tionscadal le seasmhacht an tséadchomhartha seandálaíochta chun cur ar a chumas tionchair an athraithe aeráide a sheasamh |
| 3 | **Cáilíocht** na modheolaíochta agus fiúntas teicniúil an tionscadail atá beartaithe |
| 4 | **Buntáiste poiblí nó pobail níos leithne** an tionscadail* |

**Teipfidh ar iarratais nach n-éiríonn leo marc cáilithe a bhaint amach faoi cheann de na critéir mheasúnaithe thuas sa mheasúnú iomlán agus ní bhreithneofar orthu le haghaidh maoinithe.**

### * Ráiteas de Shochair lena mBaineann Luach Poiblí

Táthar ag súil go léirítear i ngach togra buntáiste soiléir lena mbaineann luach poiblí. D'fhéadfadh go gcuimseodh sé seo rochtain fhisiciúil agus fhíorúil, nó soláthar faisnéise don phobal i bhfoirm éigin.

## 5. Gairmithe Caomhnaithe i dTionscadail CSP

Caithfidh baill foirne tionscadail ar thionscadal an Chiste Séadchomharthaí Pobail a bheith idirdhisciplíneach agus beidh seandálaí mar chuid den fhoireann. D'fhéadfadh go mbeadh na baill seo a leanas ar an bhfoireann de réir mar is cuí (ach gan a bheith teoranta dóibh): gairmí caomhnaithe foirgneamh, éiceolaí agus conraitheoirí tógála oidhreachta. Ba chóir go gcinnteodh an t-idirghníomhú seo go mbreithneoidh gairmí atá cáilithe go cuí ar gach gné den oidhreacht.

### Bainisteoir Tionscadail

Ní mór oibreacha caomhantais a dhearadh, a shonrú, a mhonatóiriú agus a mhaoirsiú ar an láthair ag gairmí/gairmithe caomhnaithe foirgneamh atá cáilithe agus a bhfuil taithí chuí acu – ailtire, suirbhéir foirgníochta nó innealtóir struchtúrach – a fheidhmeoidh mar Bhainisteoir Tionscadail agus a bheidh orthu a dheimhniú go bhfuil na hoibreacha déanta de réir dea-chleachtas caomhnaithe agus ar chaighdeán sásúil, ar a gcríochnú. Ba chóir go mbeadh **creidiúnú caomhantais ó chomhlacht gairmiúil ábhartha nó inniúlacht inléirithe** ag an mBainisteoir Tionscadail sa réimse ábhartha de chaomhnú foirgneamh

Ceanglaítear ar an ngairmí caomhnaithe foirgneamh **Ráiteas Modha cuimsitheach agus fónta a chur ar fáil mar aon leis an iarratas. Teipfear ar thionscadal ag an gcéim mheasúnaithe mura bhfuil Ráiteas Modha cuimsitheach mar is cuí ann.**
.

(Féach **'Nóta Treorach ar Ráitis Modha**' ar leathanach 23)

### Seandálaí Tionscadail

Ós rud é go mbaineann an Ciste Séadchomharthaí Pobail le séadchomharthaí seandálaíochta, tá gá le seandálaí le taithí agus cáilíochtaí cuí a fhostú mar Sheandálaí Tionscadail mar choinníoll an mhaoinithe ar fud na dtrí shruth maoinithe.

Sa chás go mbaineann an tionscadal le struchtúr saoirseachta, ba chóir go mbeadh na cáilíochtaí cuí, an taithí agus an cumas cuí ag an seandálaí chun measúnú agus taifeadadh na séadchomharthaí sin a dhéanamh. Ba chóir go mbeadh an seandálaí seo páirteach i ngach plé ó na céimeanna is luaithe le daoine gairmiúla eile a bhfuil baint acu leis na tionscadail, mar shampla, gairmithe caomhnaithe foirgneamh, éiceolaithe agus daoine eile ábhartha mar chuid den fhoireann idirdhisciplíneach.

### Ról an tSeandálaí Tionscadail i dTionscadail Chaomhnaithe

Ceanglaítear ar an Seandálaí Tionscadail, Measúnú Seandálaíochta cuimsitheach a dhéanamh agus a chur isteach ina mbeidh Ráiteas Tionchair Seandálaíochta le comhaontú le Seirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta sula gcuirtear tús leis an obair. Ceanglaítear ar an Seandálaí Tionscadail freisin maoirseacht agus taifeadadh seandálaíochta a dhéanamh ar obair chaomhnaithe, ionchur a sholáthar maidir le cur i láthair agus ábhar léirmhínithe an láithreáin (má tá a leithéid mar chuid den tionscadal) agus tuairisc seandálaíochta a chur isteach nuair a bheidh an tionscadal críochnaithe.

**Ba chóir go ndéanfadh an Seandálaí Tionscadail soláthar dóthanach ina chuid costála d'aon chostais iar-thochailte a d'fhéadfadh teacht chun cinn ón tionscadal. Beidh sé seo mar bhonn eolais freisin don litir mhaoinithe a theastaíonn mar choinníoll le ceadúnas tochailte seandálaíochta nó le Toiliú Aire.**

(Féach **'Nóta Treorach ar Mheasúnú, Taifeadadh agus Maoirseacht Seandálaíochta'** ar leathanach 25)

### Comhordaitheoir Comhlíonta CSP

Moltar don iarratasóir ball den fhoireann tionscadail a cheapadh mar Chomhordaitheoir Comhlíonta CSP chun comhordú agus cinnte a dhéanamh go gcomhlíontar coinníollacha deontais CSP agus ceanglais reachtúla, gach gné d'Achtanna na Séadchomharthaí Náisiúnta 1930 go 2014, atá ina bpríomhchodanna den chiste.

Beidh an Comhordaitheoir Comhlíonta CSP freagrach as gach sainriachtanas tuairiscithe a chomhordú agus as a chinntiú go gcuirtear tuairiscí riachtanacha faoi bhráid Sheirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta ar bhealach tráthúil.

## 6. Conas Iarratas a Dhéanamh

### Covid-19

Déanfar na hoibreacha go léir i gcomhlíonadh iomlán le haon treoir reatha Rialtais/FSS ar COVID-19. Sa chás go gcuireann treoir nó rialú eile ón Rialtas maidir le COVID-19 cosc ar aon obair ó dhul ar aghaidh ar feadh tréimhse ama ar bith, ba chóir an t-údarás áitiúil a chur ar an eolas, agus ba chóir dó Seirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta a chur ar an eolas faoi seach. D'fhéadfadh an SSN aon choigilteas a eascraíonn as moill dá leithéid a athdháileadh de réir théarmaí an Lámhleabhair seo.

### Sruth 1

Tairgeann an sruth seo deontais suas le **€100,000** atá dírithe ar dheisiúcháin riachtanacha agus oibreacha caipitil chun séadchomharthaí seandálaíochta a chaomhnú.

**1.** Ba chóir d'údaráis áitiúla a chuireann iarratais isteach le haghaidh oibreacha ar **shéadchomharthaí seandálaíochta atá faoi úinéireacht phoiblí**, ina bhfuil béim shoiléir oidhreachta agus leas pobail nó poiblí léirithe:

- ✓ Foirm Iarratais CSP/A a Líonadh
- ✓ Ráiteas Modha cuimsitheach agus aon doiciméid riachtanacha eile a cheangal
- ✓ Na nithe seo a chur isteach chuig an Roinn (r-phost cmf@housing.gov.ie) ar nó roimh **am scoir ar an 14 Feabhra 2023.**

D'fhéadfadh gach Údarás Áitiúil **suas le 3 thionscadal sa chatagóir seo a chur isteach** le haghaidh a mbreathnaithe.

**2.** Ba chóir **d'iarratasóirí príobháideacha agus/nó grúpaí pobail atá ina n-úinéirí nó ina gcaomhnóirí ar shéadchomharthaí seandálaíochta**:

- ✓ Foirm Iarratais CSP/A a Líonadh
- ✓ Ráiteas Modha cuimsitheach agus aon doiciméid riachtanacha eile a cheangal
- ✓ Na nithe seo a chur isteach chuig a nÚdarás Áitiúil ar dháta atá sonraithe ag an ÚÁ sin, ach faoin 1 Feabhra 2023 ar a mhoille

D'fhéadfadh gach Údarás Áitiúil **suas le 2 thionscadal bhailí sa chatagóir seo a chur isteach** chuig an Roinn (Foirm Mheasúnaithe CSP/B san áireamh) faoi am scoir **ar an 14 Feabhra 2023.**

**3.** Ba chóir d'iarratais do thionscadail a bhfuil béim oidhreachta sainithe go soiléir acu agus leas pobail nó poiblí atá molta ag **eagraíocht státmhaoinithe** atá ag obair sa réimse oidhreachta:

- ✓ Foirm Iarratais CSP/A a Líonadh
- ✓ Ráiteas Modha cuimsitheach agus aon doiciméid riachtanacha eile a cheangal
- ✓ Na nithe seo a chur isteach chuig an Roinn (r-phost cmf@housing.gov.ie) ar nó roimh **am scoir ar an 14 Feabhra 2023.**

D'fhéadfadh eagraíochtaí atá maoinithe ag an Stát **suas le 2 thionscadal sa chatagóir seo a chur isteach** le haghaidh a mbreathnaithe.

**Tabhair faoi deara: i gcásanna eisceachtúla nuair a bhíonn Ráiteas Modha ag gabháil le hiarratais, mar aon le Sonraíocht Oibreacha lánchostais lena mbaineann Plean Bainistíochta Caomhnaithe atá curtha i bhfeidhm cheana féin, d'fhéadfadh an Roinn breithniú a dhéanamh ar dhámhachtain suas le €120,000 a thabhairt d'iarratais Shruth 1.**

### Sruth 2

Tairgeann **Sruth 2** deontais suas le €30,000 chun Pleananna/Tuairiscí/Measúnaithe Bainistíochta Caomhnaithe agus Mionsonraíocht Oibreacha a fhorbairt atá dírithe ar bhearta a aithint do chaomhnú agus do chothabháil séadchomharthaí seandálaíochta.

**1.** Ba chóir d'Údaráis Áitiúla atá ag cur iarratais isteach do **shéadchomharthaí seandálaíochta faoi úinéireacht phoiblí** ina bhfuil béim shoiléir oidhreachta agus leas pobail nó poiblí léirithe:

- ✓ Foirm Iarratais CSP/A a Líonadh
- ✓ Ráiteas Modha cuimsitheach (imlíne ar an bPlean Caomhnaithe) agus aon doiciméid riachtanacha eile a cheangal
- ✓ Na nithe seo a chur isteach chuig an Roinn (r-phost cmf@housing.gov.ie) ar nó roimh **am scoir ar an 14 Feabhra 2023.**

D'fhéadfadh gach Údarás Áitiúil **suas le 3 thionscadal** sa chatagóir seo a chur isteach le haghaidh a mbreathnaithe.

**2.** Ba chóir **d'iarratasóirí príobháideacha nó grúpaí pobail atá ina n-úinéirí/caomhnóirí ar shéadchomharthaí seandálaíochta**:

- ✓ Foirm Iarratais CSP/A a Líonadh
- ✓ Ráiteas Modha cuimsitheach (imlíne ar an bPlean Caomhnaithe) agus aon doiciméid riachtanacha eile a cheangal
- ✓ Na nithe seo a chur isteach chuig a nÚdarás Áitiúil **ar dháta sonraithe ag an ÚÁ ach faoin 1 Feabhra 2023 ar a mhoille.**

D'fhéadfadh gach Údarás Áitiúil **suas le 2 thionscadal bhailí sa chatagóir seo a chur isteach** chuig an Roinn (Foirm Mheasúnaithe CSP/B san áireamh) faoi am scoir **ar an 14 Feabhra 2023.**

**3.** Ba chóir d'iarratais do thionscadail a bhfuil béim oidhreachta sainithe go soiléir acu agus leas pobail nó poiblí atá molta ag **eagraíocht státmhaoinithe** atá ag obair sa réimse oidhreachta:

- ✓ Foirm Iarratais CSP/A a Líonadh
- ✓ Ráiteas Modha cuimsitheach (imlíne ar an bPlean Caomhnaithe) agus aon doiciméid riachtanacha eile a cheangal.
- ✓ Na nithe seo a chur isteach chuig an Roinn (r-phost cmf@housing.gov.ie) ar nó roimh **am scoir ar an 14 Feabhra 2023.**

D'fhéadfadh eagraíochtaí státmhaoinithe incháilithe **suas le 2 thionscadal sa chatagóir seo** a chur isteach le haghaidh a mbreathnaithe.

## Sruth 3

Tairgeann **Sruth 3** deontais **suas le €30,000** chun bonneagar rochtana agus léirmhíniú ag séadchomharthaí seandálaíochta a fheabhsú.

**1. Ba chóir d'údaráis áitiúla a chuireann iarratais isteach d'oibreacha ar shéadchomharthaí seandálaíochta atá faoi úinéireacht phoiblí**, ina bhfuil béim shoiléir oidhreachta agus leas pobail nó poiblí léirithe:

- ✓ Foirm Iarratais CSP/A a Líonadh
- ✓ Ráiteas Modha cuimsitheach agus aon doiciméid riachtanacha eile a cheangal.
- ✓ Na nithe seo a chur isteach chuig an Roinn (r-phost cmf@housing.gov.ie) ar nó roimh **am scoir ar an 14 Feabhra 2023.**

D'fhéadfadh gach Údarás Áitiúil **suas le 3 thionscadal sa chatagóir seo a chur isteach** le haghaidh a mbreathnaithe.

**2.** Ba chóir **d'iarratasóirí príobháideacha nó grúpaí pobail atá ina n-úinéirí/caomhnóirí ar shéadchomharthaí seandálaíochta**:

- ✓ Foirm Iarratais CSP/Foirm A a Líonadh
- ✓ Ráiteas Modha cuimsitheach agus aon doiciméid riachtanacha eile a cheangal
- ✓ Na nithe seo a chur isteach chuig a nÚdarás Áitiúil **ar dháta sonraithe ag an ÚÁ ach faoin 1 Feabhra 2023 ar a mhoille.**

D'fhéadfadh gach Údarás Áitiúil **suas le 2 thionscadal bhailí sa chatagóir seo a chur isteach** chuig an Roinn (Foirm Mheasúnaithe CSP/B san áireamh) faoi am scoir **ar an 14 Feabhra 2023.**

**3.** Ba chóir d'iarratais do thionscadail a bhfuil béim oidhreachta sainithe go soiléir acu agus leas pobail nó poiblí atá molta ag **eagraíocht státmhaoinithe** atá ag obair sa réimse oidhreachta:

- ✓ Foirm Iarratais CSP/A a Líonadh
- ✓ Ráiteas Modha cuimsitheach agus aon doiciméid riachtanacha eile a cheangal

- ✓ Na nithe seo a chur isteach chuig an Roinn (r-phost cmf@housing.gov.ie) ar nó roimh **am scoir ar an 14 Feabhra 2023.**

D’fhéadfadh eagraíochtaí státmhaoinithe incháilithe **suas le 2 thionscadal sa chatagóir seo a chur isteach** le haghaidh a mbreathnaithe.

# 7. Iarratais a Chur Isteach

### Cad atá le cur san áireamh

Ba chóir iarratais a chomhlíonann na critéir a chur isteach chuig an Údarás Áitiúil (nó go díreach chuig an Roinn i gcás eagraíochta státmhaoinithe) le haghaidh a mbreathnaithe faoin spriocdháta.

Seiceáil na nithe seo a leanas go háirithe –

Ní sháraíonn an méid maoinithe a iarrtar an t-uasdeontas atá ar fáil.

Tá sonraí aon mhaoinithe eile ón státchiste dearbhaithe.

Cuirfear ríomhphost ar leith isteach maidir le gach tionscadal, a chinnteoidh go bhfuil gach ábhar a bhaineann leis an iarratas sin san áireamh. Níor chóir go mbeadh méid an ríomhphoist níos mó ná 15MB. Ní bhreithneofar ar bhlúirí nó iarratais neamhiomlána, ná ar iarratais iolracha sa ríomhphost céanna, le haghaidh maoinithe.

Ba cheart go mbeadh **ábhar an r-phoist** scríofa mar **'CMF2023 – [**Ainm an Údaráis Áitiúil nó ainm na heagraíochta státmhaoinithe] – [Sruth (1,2 nó 3)] – [Ainm an Tionscadail/Ainm an tSéadchomhartha], m.sh. CMF2023 – Comhairle Contae na Gaillimhe – Sruth 1 – Caisleán XXX'

**Tabhair faoi deara: Ní ghlacfar ach le hiarratais ar ríomhphost amháin chuig cmf@housing.gov.ie (ba chóir duit ríomhphost admhála a fháil go huathoibríoch – mura bhfaigheann, déan teagmháil le cmf@housing.gov.ie)**

### Seicliosta Iarratais

1) Foirm Mheasúnaithe CMF/A – comhlánaithe agus sínithe ag an iarratasóir
2) Foirm Mheasúnaithe CMF/B – comhlánaithe agus sínithe ag Údarás Áitiúil/eagraíocht státmhaoinithe (má bhaineann)
3) Mapa de shuíomh an láithreáin leis ar a bhfuil suíomh na n-oibreacha marcáilte go soiléir i ndearg
4) Toiliú i scríbhinn ón úinéir (mura bhfuil an tIarratasóir ina úinéir)
5) Ráiteas Modha
6) Foirm Coinbhleachta Leasa
7) An bhfuil seiceáil déanta ar an úinéireacht ar an láithreán gréasáin um Chlárúchán Maoine?

### Seicliosta Tionscadail (le cur isteach tar éis do mhaoiniú CSP a bheith bronnta)

1) Fógra Alt 12(3) nó Iarratas ar Thoiliú Aire Alt 14 de réir mar is cuí
2) Iarratas ar Cheadúnas Tochailte Seandálaíochta más ábhartha
3) Measúnú Seandálaíochta, Ráiteas Tionchair Seandálaíochta san áireamh (mura bhfuil sé curtha isteach cheana mar chuid d'iarratas CSP)
4) Ráiteas Modha Athbhreithnithe má tá gá le hathruithe tar éis Ráiteas Tionchair Seandálaíochta
5) Sonraíocht na n-oibreacha/doiciméad tairisceana don tionscadal
6) Ainm agus sonraí teagmhála an Chomhordaitheora Comhlíonta CSP
7) Ainm agus sonraí teagmhála an Bhainisteora Tionscadail
8) Comhlíonadh Choinníollacha na Dámhachtana agus Lámhleabhar CSP

## 8. Forchúiteamh Maoinithe

Ní mór don Údarás Áitiúil/eagraíocht státmhaoinithe na hoibreacha a chríochnú agus a fhíorú sular féidir íocaíocht maoinithe deontais a lorg ón Roinn. Tá an tÚdarás Áitiúil (nó eagraíocht státmhaoinithe) freagrach as deontais a íoc le húinéirí/áititheoirí na dtionscadal ceadaithe CSP sula lorgaítear forchúiteamh ón Roinn.

Tá sé riachtanach d'aon oibreacha caomhantais go ndeimhníonn an gairmí caomhnaithe foirgneamh ar a gcríochnú, go bhfuil na hoibreacha déanta de réir dea-chleachtais chaomhnaithe.

**I gcás nach ndéantar oibreacha de réir théarmaí na scéime, go háirithe má athraítear scóip na n-oibreacha gan údarú a fháil roimh ré ón SSN, agus nach bhfuil na hoibreacha nua i gcomhréir leis na caighdeáin riachtanacha de dhea-chleachtas caomhnaithe agus seandálaíochta, níl sé d'oibleagáid ar an Roinn an deontas a dhámhachtain, toisc gur sárú ábhartha é seo ar théarmaí na tairisceana deontais.**

Nuair a tugtar íocaíocht don iarratasóir, ní mór don Údarás Áitiúil/eagraíocht státmhaoinithe Foirm ar Fhorchúitimh CSP/C a chomhlánú agus a sheoladh ar ais

faoin 17 Samhain 2023 chun an deontas a fhorchúiteamh ón Roinn. Ní mór don Fhoirm ar Fhorchúitimh CSP/C a bheith sínithe ag ball d'fhoireann ghairmiúil an údaráis áitiúil atá inniúil ar an bhfeidhm seo a dhéanamh le maoirseacht ar an tionscadal, agus a bheith comhshínithe ag an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin nó ag an Stiúrthóir Seirbhísí. Deimhneoidh an t-oifigeach go ndearnadh maoirsiú ar na hoibreacha agus go ndearnadh iad de réir théarmaí na dámhachtana deontais ag an gcaighdeán cuí i dtéarmaí cleachtais chaomhnaithe/oidhreachta.

Ní mór cruthúnas íocaíochta a bheith in éineacht leis an bhFoirm ar Fhorchúiteamh CSP/C m.sh. asphrionta a thaispeánann ainm an iarratasóra/ainm an íocaí, an méid a íocadh agus dáta na híocaíochta, agus tagairt don tionscadal CSP. Ní cruthúnais inghlactha íocaíochta iad Sonraisc nó Orduithe Ceannaigh amháin. Ba chóir go mbeadh achoimre 150 focal ar an tionscadal agus áiseanna amhairc amhail grianghraif nó gearrthóga físe ann chomh maith, chun ligean do Sheirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta comparáid a dhéanamh idir íomhánna 'roimh' agus 'i ndiaidh' de na hoibreacha críochnaithe. (féach Tuairisciú Tionscadail ar leathanach 17)

Caithfidh an Uimhir Thagartha Thionscadail CSP uathúil a bheith i ngach sonrasc mar a shanntar do gach tionscadal ag an Roinn ar dhámhachtain í.

Cuirfear ríomhphost ar leith isteach maidir le gach éileamh ar fhorchúiteamh, rud a chinnteoidh go gcuirfear an t-ábhar ábhartha ar fad san áireamh in aon ríomhphost amháin. Ba chóir go mbeadh an líne ábhair scríofa mar Fhorchúiteamh – Uimh. Thag. CSP – Ainm an tionscadail. Ní ghlactar le zipchomhaid.

Ní féidir maoiniú a éileamh tar éis an spriocdháta.

**Baineann na prionsabail thuas le haon eagraíocht incháilithe státmhaoinithe a bhféadfaí maoiniú a bhronnadh uirthi.**

## 9. Tuairisciú Tionscadail

Taifeadfar na hoibreacha a dhéantar de réir mar is cuí le linn an tionscadail agus nuair a bheidh sé críochnaithe.

### Gairmí Caomhnaithe Foirgneamh

Cuirfidh an Gairmí Caomhnaithe Foirgneamh tuairisc dheiridh (taifead iomlán ar líníochtaí, grianghraif anótáilte agus sonraíochtaí san áireamh, de réir mar is gá) faoi bhráid Sheirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta thar ceann an iarratasóra, tuairisc ina dtaispeánfar go soiléir cineál agus méid na n-idirghabhálacha.

Deimhneoidh an tuairisc go ndearnadh oibreacha de réir an Ráitis Modha cheadaithe agus beidh taifead mionsonraithe inti ar aon chuid den séadchomhartha a nochtadh le déanaí nó a baineadh le linn aon oibreacha caomhnaithe nó idirghabhálacha eile.

### Seandálaí Tionscadail

Cuirfidh an Seandálaí Tionscadail tuairisc dheiridh ar thaifeadadh, ar mhonatóireacht seandálaíochta agus/nó ar thochailt faoi bhráid Sheirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta, ar chríochnú an tionscadail, de réir coinníollacha CSP. Sa chás go ndearnadh an mhaoirseacht tar éis ceadúnas tochailte seandálaíochta a fháil, d'fhéadfadh sé seo a bheith ina chóip den tuairisc a chuirfear isteach (sna formáidí a theastaíonn) chuig Aonad Ceadúnaithe agus Pleanála Sheirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta, mar a cheanglaítear sna coinníollacha ceadúnaithe nó toilithe. Beidh gach tuairisc ar thochailt seandálaíochta i gcomhréir le Treoirlínte d'Údair Tuairiscí ar Thochailtí Seandálaíochta arna bhfoilsiú ag an Roinn.

### Tuairiscí Speisialtóirí Eile

Ba chóir go ndéanfar aon nuashonruithe nó tuairiscí speisialtóirí eile, sa bhreis ar na cinn atá sa Phlean Bainistíochta Caomhnaithe, a chur isteach de réir coinníollacha an deontais.

### Tuairisc Achomair ar Fhorchúiteamh Éileamh

Chun críocha forchúitimh éilimh ní mór achoimre ar an tionscadal a chur san áireamh leis an bhFoirm ar Fhorchúiteamh CSP/C freisin agus ba cheart go mbeadh na nithe seo a leanas léirithe inti:
Tag. CSP, Uimhir/Uimhreacha TSA, Cineál Láithreáin, Uimhir an Cheadúnais Tochailte (má bhaineann), dhá íomhá mar léiriú ar an láithreán, agus cur síos 150 focal.

## 10. Coinníollacha Cáilitheacha

### Prionsabail Seandálaíochta

Ba chóir go gcloífeadh tionscadail le dea-chleachtas maidir le caomhnú, cosaint agus caomhantas na hoidhreachta seandálaíochta.

Tabharfar aird iomlán i gcónaí ar na nithe seo a leanas:

> Is acmhainn neamh-inathnuaite í an oidhreacht seandálaíochta;
> Imscrúdú agus staidéar neamh-mhillteach a bheidh ina gcéad rogha i ngach cás;
> Ba chóir go mbeadh toimhde ann i gcónaí i bhfabhar tionchair forbartha ar an oidhreacht seandálaíochta a sheachaint.

Tá Measúnú Seandálaíochta ríthábhachtach chun oidhreacht seandálaíochta an tséadchomhartha nó an struchtúir a thuiscint agus tá Ráiteas Tionchair Seandálaíochta riachtanach chun tionchar féideartha ar an oidhreacht sin a aithint.

Tabharfar aird iomlán sna oibreacha ag, maidir le nó gar do shéadchomharthaí agus d'áiteanna atá faoi chosaint faoi théarmaí Achtanna na Séadchomharthaí Náisiúnta 1930 go 2014 ar na prionsabail ghinearálta maidir le cosaint agus bainistiú na hoidhreachta seandálaíochta atá leagtha amach sa doiciméad beartais **Creat agus Prionsabail chun an Oidhreacht Seandálaíochta a Chosaint** (Rialtas na hÉireann, 1999 framework-and- principles-for- protection-of-archaeological-heritage.pdf (archaeology.ie)) agus ar gach foilseachán ábhartha beartas agus treoirlínte le Seirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta.

### Prionsabail Chaomhnaithe Ailtireachta

Caithfidh na hoibreacha cáilitheacha go léir a dhéanfar faoi Chiste na Séadchomharthaí Pobail a bheith de réir na gcaighdeán dea-chleachtais atá leagtha amach i **dTreoirlínte um Chosaint Oidhreachta Ailtireachta d'Údaráis Phleanála (2011)** na Roinne agus sna himleabhair ábhartha de **Shraith na Roinne um Chomhairle https://www.buildingsofireland.ie/resources/** go háirithe 'Fothracha – caomhnú agus deisiú fothracha saoirseachta'.

Ba chóir go leanfadh aon oibreacha caomhnaithe a dhéantar faoi Chiste na Séadchomharthaí Comhphobail dea-chleachtas agus dea-nósanna imeachta a leagtar amach sna cairteacha caomhnaithe idirnáisiúnta. Níor chóir go gcuirfí isteach ar shainghné agus ar shainspéis an tséadchomhartha agus ba chóir go laghdófar idirghabhálacha a oiread agus is féidir.

Ba chóir go mbeadh oibreacha caomhnaithe bunaithe ar thuiscint cheart ar an séadchomhartha seandálaíochta agus go mbeadh ionchur faighte ó fhoireann tionscadail idirdhisciplíneach a bhfuil saineolas agus taithí aici ar oibriú le struchtúir agus láithreáin stairiúla.

Ba chóir go n-úsáidfear ábhair, scileanna agus teicnící traidisiúnta tógála, nuair is féidir, in oibreacha ar chreatlach an tséadchomhartha. Níor chóir ach oibritheoirí tógála oilte agus inniúla a bhfuil taithí ábhartha acu ar oibriú le struchtúir stairiúla a fhostú chun na hoibreacha a dhéanamh faoi mhaoirseacht chuí.

Ba chóir go mbeadh ar an gconraitheoir atá ceaptha taithí a léiriú ar oibriú le struchtúir stairiúla ar scála agus ar chastacht atá cosúil leis an tionscadal atá idir lámha.

Ba chóir gach idirghabháil a thaifeadadh i bhfoirm ghrianghrafadóireachta agus scríofa araon de réir mar a théann na hoibreacha ar aghaidh. D'fhéadfadh go mbeadh gá le líníochtaí i gcásanna áirithe. Nuair a bheidh na hoibreacha críochnaithe ba chóir go ndéanfar tuairisc a thiomsú faoi na hoibreacha a rinneadh, amhail suíomh agus cineál na n-idirghabhálacha, sonraíochtaí aon ábhair nua a úsáideadh ar an struchtúr agus aon nithe ábhartha eile. Díríonn dea-chleachtas caomhnaithe ar straitéis a fhorbairt le haghaidh na cothabhála nuair a bheidh na hoibreacha críochnaithe.

## 11. Nóta Treorach ar Phleananna Bainistíochta Caomhnaithe

### Cad is Plean Bainistíochta Caomhnaithe ann?

Is doiciméad é Plean Bainistíochta Caomhnaithe (PBC) a mhíníonn cén fáth a bhfuil séadchomhartha nó áit tábhachtach. Tugann sé eolas ar conas an tábhacht sin a chothabháil nó a fheabhsú nuair a mholtar aon athrú nó obair, amhail deisiúchán agus caomhnú. Tosaíonn sé le tuiscint a fháil ar an séadchomhartha nó ar an áit, agus ansin déanann sé measúnú ar na fáthanna a bhfuil tábhacht leis agus ar na fadhbanna agus na leochaileachtaí a bhaineann leis. Forbraíonn sé beartas agus gníomhartha atá dírithe ar an tábhacht a choinneáil agus críochnaíonn sé le plean forfheidhmithe agus conas a bhainisteofar an séadchomhartha nó an áit amach anseo. Leagtar amach clár oibre ann ina bhfuil gníomhaíochtaí caomhnaithe, cothabhála, bainistíochta, rochtana, úsáide nó fadhbanna eile a bhaineann go háirithe leis an séadchomhartha nó leis an áit. Maireann an clár cúig bliana agus ní faide ná deich mbliana, de ghnáth.

### Cén maith atá ag Plean Bainistíochta Caomhnaithe?

“Saibhríonn áiteanna lena mbaineann tábhacht chultúrtha saol daoine, agus is minic a sholáthraíonn siad braistint dhomhain inspioráideach de cheangal leis an bpobal agus leis an tírdhreach, leis an am atá thart agus le heispéiris chónaithe” (Cairt Burra 2013).

Tá sé tábhachtach go gcosnaítear agus go gcaomhnaítear an oidhreacht seandálaíochta don ghlúin seo agus do na glúnta atá le teacht. Tá Pleananna Bainistíochta Caomhnaithe riachtanach sa phróiseas caomhnaithe. Ba chóir go leanfadh aon phlean bainistíochta caomhnaithe a dhéantar faoin gCiste Séadchomharthaí Pobail dea-chleachtas agus dea-nósanna imeachta mar a leagtar amach i gcairteacha caomhnaithe idirnáisiúnta. (m.sh. Cairt ICOMOS na hAstráile d’Áiteanna a mbaineann Tábhacht Chultúrtha leo, 2013). https://australia.icomos.org/publications/burra-charter- practice-notes/)

Ba chóir go gcuimseodh PBC fís fhadtéarmach inar féidir séadchomhartha a léirmhíniú bunaithe ar an bhfianaise ar fad atá ar fáil, áit a bhfuil fís shoiléir maidir lena bhfuil beartaithe don todhchaí agus inar féidir oibreacha a leagadh amach agus a chostáil chun an fhís sin a bhaint amach ar bhealach struchtúrtha.

### Cé atá le cur san áireamh san fhoireann idirdhisciplíneach?

Ba chóir go mbeadh sé mar aidhm ag an bpróiseas PBC léargas iomlánaíoch idirdhisciplíneach a chur ar fáil ar oidhreacht. Tá ról le himirt ag gach duine a bhfuil spéis acu sa séadchomhartha nó san áit nó baint acu leis nó léi.

Beidh seandálaí ar an bhfoireann tionscadail i dtionscadal an Chiste Séadchomharthaí Pobail. D’fhéadfadh go mbeadh na baill seo a leanas ar an bhfoireann de réir mar is cuí (ach gan a bheith teoranta dóibh): gairmí caomhnaithe foirgneamh, éiceolaí agus conraitheoirí tógála oidhreachta. Tá sé tábhachtach go n-idirghníomhaíonn an

fhoireann chun an próiseas a threorú agus a gcuid eolais ar an tionscadal a roinnt de réir mar a théann sé ar aghaidh. Ba chóir go gcinnteodh an t-idirghníomhú seo go mbreithneoidh gairmí atá cáilithe go cuí ar gach gné den oidhreacht. Más struchtúr stairiúil é an séadchomhartha, go hidéalach ba cheart go mbeadh an bainisteoir tionscadail cláraithe mar ghairmí tógála amhail ailtire, innealtóir struchtúrach nó suirbhéir foirgneamh **le creidiúnú caomhnaithe ón gcomhlacht gairmiúil ábhartha nó inniúlacht inléirithe** sa réimse ábhartha caomhnaithe foirgneamh.
Ba chóir go mbeadh gach ball foirne tionscadail inniúil agus oilte agus go mbeadh taithí chuí ina ról acu sa tionscadal molta.

### Cad atá le cur san áireamh in PBC?

Beidh an t-eolas seo a leanas sa PBC:

Ainmneacha agus sonraí fhoireann an tionscadail agus cheannaire an tionscadail
Úinéireacht an tséadchomhartha: Chun críocha an PBC, d'fhéadfadh an séadchomhartha a bheith faoi úinéireacht údaráis áitiúil nó phríobháideach, nó faoi úinéireacht eagraíochta oidhreachta eile. Tugann úinéireacht eolas faoi na cineálacha ceadanna a d'fhéadfadh a bheith riachtanach le haghaidh oibreacha caomhnaithe amach anseo (féach thíos)
Cosaint reachtúil an tséadchomhartha. D'fhéadfadh go n-áireofaí iontu:

- Séadchomhartha agus áit atá cosanta faoi Achtanna na Séadchomharthaí Náisiúnta 1930 go 2014.
- Struchtúr faoi chosaint, nó struchtúr faoi chosaint beartaithe, de réir bhrí an Achta um Pleanáil agus Forbairt 2000, arna leasú;
- Láithreán caomhnaithe dúlra faoi chosaint;
- Speiceas flóra agus fána faoi chosaint agus a bpríomhghnáthóga

Breithniú ar ainmniúcháin eile. D'fhéadfadh go mbaineann an séadchomhartha le:

- Limistéar caomhnaithe ailtireachta de réir bhrí an Achta um Pleanáil agus Forbairt 2000, arna leasú

An mhodheolaíocht a úsáideadh chun an PBC a thiomsú

Cur síos ar an séadchomhartha agus a shuíomh

Cur síos ar shócmhainní gaolmhara oidhreachta, mar shampla geolaíocht, éiceolaíocht agus fiadhúlra

Achoimre ar stair agus seandálaíocht an tséadchomhartha

Cur síos ar na hiarsmaí atá fágtha (léarscáileanna, grianghraif agus líníochtaí san áireamh de réir agus is cuí)

Measúnú agus ráiteas suntais (Cén fáth a bhfuil an séadchomhartha tábhachtach?) ag baint úsáid as critéir bhunaithe ar luach oidhreachta: ailtireachta, stairiúla, seandálaíochta, ealaíne, cultúrtha, eolaíochta, teicniúla agus sóisialta

Liosta de na fadhbanna bainistíochta reatha

Liosta de bheartais bhainistíochta amach anseo

Liosta de ghníomhaíochtaí (plean gníomhaíochta) maidir le caomhnú an tséadchomhartha thar shaolré an PBC

## 12. Nóta Treorach ar Ráitis Modha

### Ráitis Modha

Cuirfear Ráitis Modha isteach maidir le gach tionscadal, thar gach sruth. Bainfidh Ráitis Modha úsáid as eolas a bhailítear sna Pleananna Bainistíochta Caomhnaithe. Le treoir mhionsonraithe a fháil féach **Pleananna Bainistíochta Caomhnaithe** ar leathanach 20.

Cuirfear Ráiteas Modha isteach leis an iarratas sa chás go bhfuil oibreacha caomhnaithe nó idirghabhálacha fisiceacha eile i gceist leis an tionscadal (m.sh. bonneagar rochtana, comharthaíocht léirmhínithe.).

Ba chóir go ndéanfadh an Ráiteas Modha cur síos ar riocht an tséadchomhartha agus go dtabharfaí sonraí ann faoi na hoibreacha/faoin tionscadal atá beartaithe agus conas a dhéanfar iad nó é. Ní gá go mbeadh an doiciméad seo ró-fhada ach ba chóir go mbeadh sé **oiriúnach do chineál agus scála na n-oibreacha/an tionscadail atá beartaithe.**

**Ba chóir** go n-áireofaí na nithe seo a leanas sa Ráiteas Modha do thionscadail Shruth 1 agus 3:

**a) Cur Síos Gonta ar an Séadchomhartha**

Ba chóir go ndéanfadh an chuid seo cur síos ar an séadchomhartha mar atá sé faoi láthair, agus go dtabharfaí faoi deara a ghnéithe suntasacha agus a éabhlóid stairiúil, a riocht, a shuíomh, a fhoirm, a fheidhm reatha (má tá ceann ann) agus na hábhair as a bhfuil sé comhdhéanta. Ba chóir go gcuirfí stair ghairid ailtireachta/seandálaíochta, ullmhaithe ag an seandálaí tionscadail, agus ráiteas suntais ar fáil freisin.

**b) Grianghraif**

Tá grianghraif ábhartha den séadchomhartha le chur ar fáil.

**c) Cur síos ar na hOibreacha/ar an Tionscadal atá Beartaithe**

Beidh cur síos sa chuid seo ar na hoibreacha atá beartaithe, agus a seicheamh leagtha amach. Ba chóir go gcuirfí síos ar an gcaoi a bhfuil sé beartaithe gach idirghabháil a dhéanamh agus go mbeadh pleananna ábhartha, líníochtaí agus meáin amhairc tacaíochta amhail gearrthóga físe, grianghraif nó léaráidí eile curtha ar fáil, más ann dóibh.

Caithfear aghaidh a thabhairt ar na rudaí seo a leanas:

i. Cineál agus méid na n-oibreacha a theastaíonn ón séadchomhartha. D’fhéadfadh é seo a bheith roinnte ina chéimeanna agus ba chóir go mbeadh an mhodheolaíocht chun fásra a chóireáil agus a ghlanadh curtha san áireamh, más gá

ii. Cuspóir na n-oibreacha.

iii. Ba chóir go ndearfaí na hoibreacha ceadaithe ar fad ar bhealach nach gcuirfeadh isteach den chuid is mó ar na struchtúir agus/nó an chreatlach stairiúil atá á gcoimeád, bíodh na hoibreacha sin sealadach nó buan.

iv. Cad iad na hábhair ionaid (más ann dóibh) a ionchorprófar agus cén bonn cirt atá leis sin nó le hábhair nua a thabhairt isteach? Ba chóir sonraí iomlána ar aon eilimint nua atá beartaithe, cosúil le ceangail isteach agus obair dheisiúcháin a bheidh ag teastáil, a chur san áireamh.

v. Cuirfear Ráiteas Modha ar fáil maidir leis an obair chloiche atá ar marthain a ghlanadh amach agus a athphointeáil agus leis na sonraí deisiúcháin atá bainteach. Cuirfear sonraí ar fáil maidir le cúrsáil cloiche stairiúil, méideanna na gcloch agus dath an mhoirtéil.

vi. Sonraí maidir le bainistíocht agus monatóireacht ar an láthair.

vii. Costa(i)s m(h)easta an tionscadail roinnte i gcéimeanna chun na hoibreacha molta/táirgí insoláthartha an tionscadail a léiriú (de réir Fhoirm Iarratais CSP/A);

viii. Liosta d'Fhoireann an tionscadail le cáilíochtaí agus ról sonraithe (de réir Fhoirm Iarratais CSP/A);

**d) Bearta maolaithe eile**

D'fhéadfadh go n-áireofaí le bearta maolaithe eile dearadh, uainiú agus modheolaíocht (m.sh. deisiúcháin arna n-uainiú chun cur isteach ar choilíneachtaí ialtóg a sheachaint nó oibreacha rindreála arna n-uainiú chun moirtéal aoil a cheadú), inchúlaitheacht, rogha ábhar, srl.

**e) Ábhar Forlíontach**

Ba chóir aon ábhar a bhaineann go díreach le hiarratas (m.sh. tuairiscí seandálaíochta, taighde teicniúil, líníochtaí anailíseacha agus tríthoiseacha, miontaighde stairiúil, srl.) a chur san áireamh.

Cé go bhfáiltítear roimh Phleananna Bainistíochta Caomhnaithe reatha a chur isteach mar ábhar forlíontach, níor chóir iad seo a chur isteach in ionad Ráiteas Modha a bhaineann go sonrach le tionscadal.

**f) Athruithe ar an Ráiteas Modha a cuireadh isteach**

Cuirfear aon athruithe ar chineál agus ar scóip an tionscadail, mar a leagadh amach sa Ráiteas Modha, chuig cmf@housing.gov.ie lena bhfaomhadh. Ba chóir aird ar leith a thabhairt ar athruithe riachtanacha tar éis Measúnú Seandálaíochta agus taifeadadh de réir mar a théann an obair ar aghaidh.

## 13. Nóta Treorach ar Mheasúnú Seandálaíochta, ar thaifeadadh agus ar mhaoirseacht i dTionscadail Chaomhnaithe

### Measúnú Seandálaíochta

De ghnáth déantar an Measúnú Seandálaíochta mar chuid den Phlean Bainistíochta Caomhnaithe (nó mar thoradh air) agus oibríonn an seandálaí mar chuid den fhoireann idirdhisciplíneach.

Beidh anailís chuimsitheach stairiúil agus ailtireachta agus taifead anailíse ar na struchtúir seandálaíochta agus na struchtúir ghaolmhara sa Mheasúnú Seandálaíochta, measúnú a chuimseoidh na nithe seo a leanas:

a. Staidéar deisce a bhaineann úsáid as foinsí príomhúla agus tánaisteacha stairiúla, cartagrafacha agus grianghrafadóireachta chun cur síos a dhéanamh ar an séadchomhartha agus ar a shuíomh agus a chomhthéacs stairiúil.

b. Taifeadadh seandálaíochta (pleananna anótáilte, ingearchlónna, gearrthacha, sonraí gnéithe agus líníochtaí léirmhínithe a dhíorthaítear ó shuirbhéanna tomhaiste, suirbhéanna grianghrafadóireachta, suirbhéanna digiteacha (léasair) agus saothair oscailte) a chinntíonn tuiscint ar a fhorbairt, a chéimniú (dátú tacaíochta eolaíoch de shamplaí cuí san áireamh, nuair is ábhartha), sainaithint na ngnéithe ailtireachta (m.sh. poill puitleog, ballaí cosanta, ailt foirgnimh, cuasáin, lúba saigheada/gunna, tacaí, deisiúcháin stairiúla, plástar stairiúil, srl.), agus a riocht agus a leochaileachtaí. Ba chóir go mbeadh an taifeadadh ina ghníomhaíocht ildisciplíneach agus caithfidh an seandálaí oibriú go dlúth leis an ngairmí caomhnaithe foirgneamh agus an chuid seo den tuairisc á hullmhú mar is dócha go mbeidh tuairiscí agus léargais bhreise aige nó aici. Beidh iniúchadh/iniúchtaí láithreáin ag teastáil don taifeadadh seo agus moltar iniúchtaí idirdhisciplíneacha láithreáin a dhéanamh.

c. Cuntas scríofa ar a fhoirm iomlán (struchtúr, ábhair, leagan amach) agus ar na céimeanna forbartha leantacha, mar aon leis an bhfianaise a thacaíonn leis an anailís seo.

d. Ráiteas Tionchair Seandálaíochta a leagann amach moltaí agus bearta maolaithe chun iarsmaí seandálaíochta (faoi thalamh agus os a cionn) a thaifeadadh agus a chosaint roimh an tionscadal agus lena linn. D'fhéadfadh go n-áireofaí ansin tuilleadh taifeadta nó maoirseachta a theastaíonn (go háirithe maidir le fásra a bhaint, atógáil nó tar éis saoirseacht a ghlanadh amach), sonraí maidir le moltaí chun obair chloiche a athúsáid (aon bhlúirí ailtireachta san áireamh), cóireáil gnéithe ailtireachta, caomhnú creatlaí/gnéithe ar an láthair agus breac-chuntas ar na hoibreacha caomhnaithe atá beartaithe (ullmhaithe i gcomhar leis an

oifigeach caomhnaithe foirgneamh). Déanfar breithniú ar thionchair amhail stóráil ábhar, rochtain agus scafall. Cé gurb é an tionchar íosta an rogha is fearr, i gcásanna áirithe d'fhéadfadh go mbeadh gá le himscrúdú a dhéanamh ar ró-ualach, titim nó bonn balla mar bhonn eolais leis an tionscadal agus leagfaidh an seandálaí amach bearta maolaithe seandálaíochta cuí amhail tochailt tástála seandálaíochta nó monatóireacht. **Beidh ceadúnas tochailte seandálaíochta nó Toiliú Aire ag teastáil le haghaidh maolaithe den sórt sin.**

Beidh toradh an Mheasúnaithe Seandálaíochta mar bhonn eolais le hullmhú aon scéime cobhsaithe, caomhnaithe agus deisiúcháin a chinnteoidh go gcuirfear béim ar ghnéithe suntasacha, nach ndéanfar damáiste dóibh, agus nach gceilfear nó nach gcaillfear iad. Beidh ionchur an tseandálaí ag teastáil freisin chun limistéir leochaileacha den láithreán agus/nó criosanna maolánacha a aithint, a roinnfear ansin le foireann an tionscadail, an conraitheoir tógála agus gach fochonraitheoir san áireamh, **i gearrchomhrá roimh obair** (cur i láthair maidir le fadhbanna ar gá cuimhneamh orthu ar an láithreán agus dea-chleachtas a chinntiú).

Cuirfear an Measúnú Seandálaíochta, Ráiteas Tionchair Seandálaíochta san áireamh, ar aghaidh chuig Seirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta le comhaontú a fháil sula dtosófar ar an obair.

### Maoirseacht Seandálaíochta agus Taifeadadh na nOibreacha

Is cuid ríthábhachtach den phróiseas seandálaíochta do chaomhnú séadchomharthaí atá maoinithe faoin gCiste Séadchomharthaí Pobail é maoirsiú oibreacha agus taifeadadh gnéithe nua-nochta tar éis fásra a bhaint agus le linn an chaomhnaithe. Ní dhearnadh go leor de na séadchomharthaí seo a thaifeadadh nó a nochtadh sa lá atá inniu ann agus tá sé riachtanach go gcuirfí an t-eolas nua seo leis an gcartlann seandálaíochta. D'fhéadfaí tuiscint níos doimhne a fháil ar thábhacht an tséadchomhartha freisin.

Déanfaidh an seandálaí measúnú amhairc ar an limistéar atá á chaomhnú, le cúnamh ó shuirbhé fótagraiméadrachta nó scanadh léasair, i gcás ina bhfuil siad ar fáil. Cuirfear torthaí an tsuirbhé seo agus léirmhíniú inste ar fáil sa tuarascáil seandálaíochta, rud a chuirfidh leis an taifeadadh seandálaíochta a rinneadh don tuairisc réamhchaomhnaithe ar Mheasúnú Seandálaíochta agus a dhéanfaidh é a nuashonrú.

Mar is amhlaidh le céim an Mheasúnaithe Seandálaíochta, ba chóir aithint gnéithe ailtireachta nua-nochta (m.sh. poill puitleog, ballaí cosanta, ailt foirgnimh, cuasáin, lúba saigheada/gunna, tacaí, cloch ghearrtha, spriongphointí, cloigthithe, deisiúcháin stairiúla, plástar stairiúil, graifítí stairiúil, srl.) agus a riocht agus a leochaileachtaí a thaifeadadh. Ba chóir go ndéanfaí taifeadadh cloch ar chloch mar is cuí i gcomhairle le Seirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta. Tá sé riachtanach mar sin de go n-éascófaí an Seandálaí Tionscadail ar bhonn leanúnach chun creatlach a glanadh amach agus/nó a nochtar ar bhealach eile mar gheall ar oibreacha oscailte, baint rindreála nó fásra, a

thaifeadadh agus a fhiosrú. Ní dhéanfar aon bhaint ná tógáil anuas creatlaí nó oibreacha talún mura bhfuil an Seandálaí Tionscadail ann. Níor chóir saoirseacht laghdaithe a bhogadh gan dul i gcomhairle roimh ré leis an Seandálaí Tionscadail. Tá sé riachtanach go gcuirfí aon ghnéithe nua a shainaithnítear nó aon fhaisnéis nua ar an séadchomhartha in iúl don Ghairmí Caomhnaithe Foirgnimh toisc go bhféadfadh athruithe a bheith de dhíth ar shonraíochtaí na hoibre.

Má aimsítear ábhar seandálaíochta nach raibh aithne air roimhe seo le linn na hoibre caomhnaithe beidh an Seandálaí Tionscadail ullmhaithe le comhairle a fháil ó Sheirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta maidir le haon ghníomh maolaithe is gá, m.sh. athdhearadh chun caomhnú ar an láthair a cheadú, agus/nó imscrúduithe seandálaíochta.

**Tá sé mar choinníoll ag an gCiste Séadchomharthaí Pobail go bhfaigheadh an Seandálaí Tionscadail ceadúnas tochailte seandálaíochta chun maoirsiú a dhéanamh ar bhaint fásra agus glanadh amach moirtéil, mar gheall go bhféadfaí rudaí nó gnéithe seandálaíochta a aimsiú le linn phróiseas an chaomhnaithe.**

### Ionchur seandálaíochta i gcur i láthair an láithreáin agus ábhar léirmhínithe

Tá ról luachmhar ag an Seandálaí Tionscadail sna cinntí atá le déanamh maidir le cur i láthair an láithreáin agus in ullmhú ábhair le haghaidh léirmhínithe. Cinnteoidh an Seandálaí Tionscadail go mbeidh aon tograí léirmhínithe barántúil, suas chun dáta agus cruinn agus go mbeidh siad de réir treoirlínte Chairt ICOMOS 2008 um Léirmhíniú agus Cur i Láthair na Láithreán Oidhreachta Cultúrtha. Ina theannta sin, tabharfaidh an Seandálaí Tionscadail comhairle maidir le láithreacha léirmhínithe a sheachnaíonn tionchar fisiciúil agus amhairc ar an séadchomhartha.

### Tuairisc Seandálaíochta

Cuirfidh an Seandálaí Tionscadail tuairisc dheiridh ar thaifeadadh, ar mhonatóireacht seandálaíochta agus/nó ar thochailt faoi bhráid Sheirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta, ar chríochnú an tionscadail, de réir coinníollacha CSP. Sa chás go ndéantar an mhaoirseacht tar éis ceadúnas tochailte seandálaíochta a fháil, d'fhéadfadh sé seo a bheith ina chóip den tuairisc a chuirfear isteach chuig an Aonad Ceadúnaithe agus Pleanála (sna formáidí a theastaíonn) mar a éilítear sna coinníollacha ceadúnaithe nó toilithe. Beidh gach tuairisc ar thochailt seandálaíochta i gcomhréir le Treoirlínte d'Údair Tuairiscí ar Thochailtí Seandálaíochta arna bhfoilsiú ag an Roinn.

## 14. Téarmaí agus Coinníollacha

**Cuirfear gach tionscadal i gcrích i gcomhréir le Lámhleabhar an Chiste Séadchomharthaí Pobail 2023 agus leis na coinníollacha a ghabhann le dámhachtain deontais.**

Ina theannta sin, bainfidh na téarmaí agus coinníollacha seo a leanas le gach tionscadal

### *1. Ceanglais Reachtúla*

Comhlíonfaidh na hoibreacha ceadaithe le haghaidh deontas na ceanglais reachtúla ábhartha go léir, cead pleanála san áireamh. I gcásanna ina bhfuil sé beartaithe oibreacha a dhéanamh ar láithreáin/séadchomharthaí seandálaíochta atá cosanta faoi **Achtanna na Séadchomharthaí Náisiúnta 1930 go 2014**, comhlíonfar forálacha uile na nAchtanna, na ceanglais reachtúla maidir le fógra a thabhairt nó le Toiliú Aire san áireamh. I gcásanna ina mbíonn imscrúdú nó maolú seandálaíochta riachtanach, beidh ceadúnais nó toilithe ábhartha i bhfeidhm.

Is ar an iarratasóir atá an dualgas cloí leis na ceanglais reachtúla ábhartha ar fad, mar na hAchtanna um Fhiadhúlra, ceadúnais urthrá (má bhaineann), reachtaíocht Sábháilteachta, Sláinte agus Leasa, agus reachtaíocht maidir leis an gcomhshaol agus le fostaíocht.

Dírítear aird an Údaráis Áitiúil ar: **(DAHRRGA 2012) Cosaint Dhian ar Speicis Ainmhithe: Cúnamh d'údaráis áitiúla ar chur i bhfeidhm Airteagail 12 agus 16 den Treoir maidir le Gnáthóga ón Aontas Eorpach ar fhorbairt/oibreacha arna ndéanamh ag Údarás Áitiúil nó thar ceann Údarás Áitiúil**. Tá an foilseachán **Treoirlínte Maolaithe Ialtóg d'Éirinn** (2006) ar fáil ar shuíomh gréasáin na Roinne ag: https://www.npws.ie/publications/search?title=bat+mitigation&keyword=&author=&series=All&year=&x=0&y=0

### 2. Ábhar Forlíontach

Ba chóir ábhar breise leis an bhfoirm iarratais a chur isteach mar chuid den Ráiteas Modha má bhaineann sé go díreach le hiarratas.

### 3. Iniúchadh Láithreáin Údarás Áitiúil

Déanfaidh an tOifigeach Oidhreachta agus/nó Oifigeach Caomhnaithe Ailtireachta (OCA) agus/nó Seandálaí Údaráis Áitiúil, nó duine eile atá ceaptha ag an bPríomhfheidhmeannach nó eagraíocht státmhaoinithe chun na críche seo, iniúchtaí mionsonraithe ar an séadchomhartha, roimh thús na hoibreacha agus tar éis dóibh a bheith críochnaithe.

Ceanglófar ar iarratasóirí/úinéirí agus a ngníomhairí socruithe a dhéanamh a d'fhéadfadh a bheith riachtanach chun rochtain a sholáthar ar aon chuid den struchtúr nó de na hoibreacha.

## 4. Tuairisciú ar Dhul Chun Cinn an Tionscadail

Coinneofar Seirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta cothrom le dáta i gcónaí maidir le haon athrú ar shrianta tionscadail, amhail am, scóip agus buiséad, agus iarrfar go tréimhsiúil ar feadh shaolré an tionscadail CSP tuairiscí ar dhul chun cinn an tionscadail ón Údarás Áitiúil/Eagraíocht Státmhaoinithe.

## 5. Iniúchadh Láithreáin Sheirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta

Mar chuid de na rialuithe a dhéanann an Roinn maidir le monatóireacht a dhéanamh ar chaiteachas agus nósanna imeachta faoin gCiste Séadchomharthaí Pobail, déanfaidh Seirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta iniúchtaí láithreáin ar roinnt tionscadal maoinithe, iniúchtaí maidir le comhlíonadh le Ráitis Mhodha cheadaithe san áireamh. Cuirfidh Seirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta an tÚdarás Áitiúil ar an eolas faoi chuairteanna beartaithe chun rochtain éifeachtach agus shábháilte a chomhordú. Ní mór d'iarratasóirí/úinéirí agus a ngníomhairí rochtain ar an séadchomhartha a cheadú sna himthosca sin**.**

## 6. Torthaí na nIniúchtaí Láithreáin

Má tharlaíonn go dtagann iniúchadh láithreáin ar aon chás neamhrialtachta nó calaoise nó neamhchomhlíonta le Ráitis Mhodha cheadaithe agus/nó Ceanglais Reachtúla, d'fhéadfadh na nithe seo a leanas a bheith mar chuid de na bearta a ndéanfar:

**Neamhrialtacht –** An buntáiste a fuarthas go mícheart a tharraingt siar trí oibleagáid na méideanna atá dlite nó a fuarthas go mícheart a íoc nó a aisíoc.

**Calaois** – Tarchur chuig údarás cuí.

**Neamhchomhlíonadh le Ráitis Mhodha cheadaithe** – Le plé ag Seirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta.

**Neamhchomhlíonadh le Ceanglais Reachtúla** – Tabharfar tuairisc don údarás ábhartha.

## 7. Tarraingt Anuas an Deontais

Ní mór tionscadail a bheith críochnaithe agus cistí a bheith tarraingthe anuas ar nó roimh an 17 Samhain 2023

Íocfar deontais ar bhonn an chaiteachais dheimhnithe. Ceanglaítear ar dheontaithe a dheimhniú:

i. Go mbaineann na sonraisc a úsáidtear chun tacú lena n-éilimh go heisiach le gníomhaíochtaí agus le seirbhísí a bhaineann leis an obair nó leis an tseirbhís arna ceadú ag an deontas,

ii. Go bhfuil na méideanna sonrasctha íoctha go hiomlán,

iii. Nár úsáideadh agus nach n-úsáidfear na sonraisc nó na híocaíochtaí gaolmhara mar thaca le héileamh eile ar aisíocaíocht ó mhaoinitheoir(í) eile (ach amháin mar a fhoráiltear i socruithe chomh-mhaoinithe).

## 8. Caiteachas Incháilithe

Tá **Cáin Bhreisluacha (CBL)** incheadaithe faoin scéim seo ach amháin le haghaidh oibreacha atá á maoiniú nuair nach bhfuil CBL in-aisghabhála faoin scéim seo ar aon mhodh eile.

### Athdháileadh an Mhaoinithe

D'fhéadfadh an Roinn aon deontas arna gceadú faoin gCiste a ath-leithdháileadh ar thionscadail eile a chomhlíonann na critéir cháilitheacha i gcás ina bhfuil gá práinneach tagtha chun cinn i gcás eile.

## 9. Ceanglais Chánach

Caithfidh an t-iarratasóir agus aon chonraitheoirí a bheith cáin-chomhlíontach. Ní mór cloí leis na nósanna imeachta imréitigh cánach ábhartha maidir le híocaíochtaí deontais san earnáil phoiblí mar atá leagtha síos ag na Coimisinéirí Ioncaim. Féach www.revenue.ie/ga chun tuilleadh sonraí a fháil. De réir Alt 4(1) de Chiorclán 44/2006 de chuid na Roinne Airgeadais: **Nósanna Imeachta Imréitigh Cánach: Deontais, Fóirdheontais agus Íocaíochtaí Comhchosúla**, beidh sé faoi gach ÚÁ a chinntiú go bhfuil iarratasóirí, conraitheoirí agus fochonraitheoirí ag cloí leis na nósanna imeachta imréitigh cánach cearta, agus go bhfuil siad ag teacht le nósanna imeachta rialaithe airgeadais an ÚA féin.

Úinéirí a bhfuil cinneadh faighte acu faoi **Alt 482** den **Acht Comhdhlúite Cánacha 1997** (arna leasú) (Alt 19 **den Acht Airgeadais 1982** mar a bhí tráth), agus/nó sa chás go bhfuil faoiseamh cánach faighte ag an úinéir/áititheoir faoin **Scéim Feabhsúcháin Tí** nó faoi **Thionscadal na gCathracha Beo,** ba chóir go ndéanfaí na Coimisinéirí Ioncaim a chur ar an eolas faoi aon mhaoiniú a fuarthas tríd an scéim seo.

## 10. Soláthar

Ní mór do thionscadail a fhaigheann cúnamh deontais cloí leis an Treoirlíne um Sholáthar Poiblí. https://www.gov.ie/en/organisation/office-of-government-procurement/

## 11. Ciorclán RCPA 13/2014

Cuirtear a bhfreagrachtaí faoin gCód Caiteachais Phoiblí i gcuimhne do dheontaithe, atá ar fáil ar https://www.gov.ie/en/publication/public-spending-code/ agus beidh orthu cloí le Ciorclán Leasaithe 13/2014 na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe - Bainistiú agus Cuntasacht i leith Deontas as Cistí Státchiste https://circulars.gov.ie/pdf/circular/per/2014/13.pdf.

## 12. Iniúchadh taifead

Cuirtear in iúl do gach deontaí go bhfuil oibleagáid orthu leabhair agus cuntais a chur ar fáil don Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste i gcás ina bhfaightear 50 faoin gcéad nó

níos mó dá n-ioncam iomlán ó Chistí Státchiste, agus go bhfuil sé de cheart ag SSN agus Údaráis Áitiúla taifid an deontaí a iniúchadh.

### 13. Fógraí um Nithe atá i mBaol

I gcás go bhfuil an séadchomhartha seandálaíochta faoi úinéireacht Údarás Áitiúil nó eagraíochta oidhreachta atá maoinithe ag an Stát, nó go bhfuil cúnamh airgeadais á chur ar fáil ag Údarás Áitiúil nó eagraíocht státmhaoinithe le haghaidh oibreacha ar struchtúr atá i mbaol faoi Ailt 59, 69 agus/nó 70 den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000 (arna leasú), d'fhéadfadh oifigeach ainmnithe de chuid an Údaráis Áitiúil sin an t-iarratas a dhéanamh.

### 14. Fógraíocht na Scéime

Déanfaidh gach Údarás Áitiúil an Ciste Séadchomharthaí Pobail a fhógairt ar a láithreán gréasáin agus ar ardáin na meán sóisialta laistigh de sheachtain amháin tar éis dó fógra a fháil faoin Scéim ón Roinn.

### 15. Slánaíocht

Ní ghlacann an Roinn le haon dliteanas a eascraíonn as aon oibreacha a thoilítear nó a cheadaítear faoi CSP2023 agus slánófar í mar choinníoll faofa.

### 16. Aistriú Úinéireachta

Má dhíoltar an mhaoin dheontaschúnta, nó má aistrítear an úinéireacht laistigh de thréimhse 5 bliana ó dháta íoctha an deontais, d'fhéadfadh go mbeadh cuid den mhaoiniú, nó an maoiniú ar fad, inaisíoctha. I gcás go n-aistrítear úinéireacht roimh íocaíocht an deontais, d'fhéadfadh an tÚdarás Áitiúil nó eagraíocht státmhaoinithe socruithe a dhéanamh chun an deontas a aistriú chuig úinéir nua na maoine faoi réir ag comhlíonadh na gcoinníollacha go léir a ghabhann leis an deontas.

### 17. Dearbhú Úinéireachta

Maidir le hiarratais ó úinéirí talún príobháideacha nó grúpaí pobail, déanfaidh an tÚdarás Áitiúil seiceáil bailíochtaithe tríd an Údarás Clárúcháin Maoine (ÚCM). Tá an dualgas ar an Údarás Áitiúil (nó eagraíocht státmhaoinithe) sonraí a fhíorú. Má tá aon amhras faoi úinéireacht ní mór é seo a shoiléiriú san iarratas.

### 18. Maoiniú eile ón Státchiste

D'fhéadfadh go mbeadh tionscadail i dteideal maoiniú a fháil ó níos mó ná scéim amháin atá maoinithe go poiblí. Ba chóir an t-eolas a sholáthraíonn an t-iarratasóir i gCuid 4a agus 4b den fhoirm iarratais a chros-seiceáil maidir le deontais eile a d'fhéadfadh a bheith ann ó chistí státchiste.

I gcás ina bhfuil an séadchomhartha seandálaíochta atá i gceist á úsáid le haghaidh gníomhaíocht eacnamaíoch, d'fhéadfaí maoiniú faoin gCiste Séadchomharthaí Pobail a mheas mar mhaoiniú **de minimis** chun críocha Cúnaimh Stáit.

### 19. Poiblíocht / Meáin Shóisialta

Tugtar spreagadh d'iarratasóirí rathúla úsáid a bhaint as na meáin shóisialta chun aird a tharraingt ar an tionscadal, agus iad ag admháil go dtacaíonn an Ciste leo. Eiseofar tuilleadh eolais chuig na hiarratasóirí tionscadail rathúla ar dhámhachtain.

### 20. Grianghrafadóireacht

Cuirfear grianghraif dhigiteacha ar ardchaighdeán den tionscadal roimh na hoibreacha san áireamh sa Tuairisc ar chríochnú na n-oibreacha, chomh maith le grianghraif iar-chríochnaithe. Féadfar iad seo a úsáid níos déanaí le haghaidh comparáide 'roimh agus ina dhiaidh' chun críocha tuairiscithe. Tabhair faoi deara go gcoimeádann an Roinn an ceart aici féin aon íomhánna nó gach íomhá a sholáthraíonn an t-iarratasóir nó an tÚdarás Áitiúil a úsáid chun an Ciste a fhógairt nó a phoibliú. Moltar d'iarratasóirí agus d'údaráis áitiúla gach cead riachtanach a fháil chun íomhánna a úsáid sula gcuireann siad faoi bhráid na Roinne iad agus luafaidh siad cé leis atá cóipcheart na ngrianghraf.

### 21. Tuarascáil Bhliantúil agus Poiblíocht

Ba chóir do gach Údarás Áitiúil (nó eagraíocht státmhaoinithe) eolas ar oibriú an chiste a chur san áireamh ina Thuarascáil Bhliantúil. Ba chóir ranníocaíocht na Roinne a admháil go poiblí i ngach fógra agus poiblíocht maidir leis an scéim seo agus na lógónna/gléasanna cuí a úsáid in aon ábhar priontála.

### 22. Coimhlint Leasa

Cuirfidh gach Údarás Áitiúil Foirm Coinbhleachta Leasa, mar a sholáthraítear san Aguisín, faoi bhráid na Roinne, leis an iarratas nó leis na hiarratais a dhéanann siad ar gach tionscadal.

### 23. Cinneadh na Roinne

Agus an leithdháileadh maoinithe á chinneadh, d'fhéadfadh an Roinn roinnt tosca a chur san áireamh, amhail cothromaíocht thíreolaíoch chun tacú le comhionannas réigiúnach agus an inmhianaitheacht tionscadail éagsúla a mhaoiniú. Coinneoidh an Roinn an ceart **cistí ceadaithe a athshannadh** do thionscadal ceadaithe eile mura gcomhlíontar téarmaí an cheadaithe bhunaidh laistigh de thréimhse áirithe.

### 24. RGCS / Ráiteas Príobháideachta

Tá an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta tiomanta do phríobháideacht a chosaint agus a urramú agus úsáideann sí bearta teicniúla agus eagraíochtúla cuí chun do chuid eolais a chosaint ó rochtain neamhúdaraithe. Ní dhéanfaidh an Roinn próiseáil ar do shonraí pearsanta chun aon chríche eile seachas an chríoch dár bailíodh iad. D'fhéadfaí sonraí pearsanta a mhalartú le Ranna eile Rialtais, le húdaráis áitiúla, le gníomhaireachtaí faoi choimirce na Roinne, nó le comhlachtaí poiblí eile, i gcúinsí áirithe nuair a fhoráiltear dó sin de réir dlí.

Ní choinneoidh an Roinn do shonraí pearsanta ach chomh fada agus is gá chun na críocha ar bailíodh iad agus ar próiseáladh iad ina dhiaidh sin. Nuair a bheidh an riachtanas gnó chun an fhaisnéis seo a choinneáil imithe in éag, déanfar é a scrúdú d'fhonn na sonraí pearsanta a scriosadh a luaithe is féidir, agus de réir bheartas na

Roinne. Is féidir tuilleadh eolais ar Chosaint Sonraí a fháil ar ár suíomh Gréasáin ag: https://www.gov.ie/en/organisation/department-of-housing-local- government-and-heritage/?referrer=http://www.housing.gov.ie/corpor ate/compliance/data-protection/data-protection

## 27. Na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise

D'fhéadfadh iarratais ar mhaoiniú faoin scéim a bheith faoi réir ag na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise.

## Sonraí Teagmhála

Le haghaidh tuilleadh eolais maidir leis an scéim seo, seol ríomhphost chuig cmf@housing.gov.ie leis an líne ábhar ríomhphoist a leanas: 'CSP2023'

gov.ie/housing

An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta

Rialtas na hÉireann
Government of Ireland